Smachtbhannaí ola

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi smachtbhannaí atá fógartha ag an Aontas Eorpach ar ola na hIaráine. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

An bhfuil mórán cur amach agat ar an Iaráin?

Céard í príomhchathair na tire sin?

Cén teanga oifigiúil a labhraítear inti?

Cad é an reiligiún is coitianta sa tír?

Cén ilchríoch lena mbaineann sí?

Ainmnigh dhá thír a bhfuil teorainn acu léi?

Cén t-ainm ársa a bhíodh uirthi?

Cén fáth, dar leat, go mbeadh an tAontas Eorpach ag iarraidh smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar ola na hIaráine?

Ceist 2 Anois, gan féachaint go foil, déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na míreanna Béarla seo a leanas.Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Ansin éist leis an mír agus féach an raibh an ceart agat.

Finance Ministers:

European Union:

Nuclear Programme:

Sanction:

Conflict:

Controversy:

Foreign Affairs:

Implications:

Strait:

Produces:

Huge/Massive:

Ceist 3 Anois féach ar an mír don chéad uair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1.Cén dá rud a dhearbhaigh an Tánaiste Éamon Gilmore?

2. Cé mhéad bairille ola a tháirgíonn an Iaráin chuile lá?

3. Cé mhéad de sin a cheannaíonn an tAontas Eorpach

4. Cén aidhm atá leis na smachtbhannaí seo?

5. Cén tionchar a bheidh ag na smachtbhannaí seo ar Éirinn?

6. Cén freagra a bheidh ag an Iaráin ar na smachtbhannaí?

7. Luaitear trí phointe faoi Chaolás Hormuz. Cad iad?

8. Cé a mhol cinneadh an Aontais Eorpaigh inniu agus cé atá thar a bheith imníoch faoi?

Ceist 4 a) An lagiolra nó tréaniolra atá san fhocal 'Smachtbhannaí'?

Cén fáth?

b) Cén fhoirm den ainmfhocal a úsáidtear sa ghinideach iolra más lagiolra atá i gceist?

c) Abair an lagiolraí nó tréaniolraí atá i gceist leis na focail thíos.

Ainmneach Uatha	**Ainmneach Iolra**	**lagiolra/tréaniolra**
Bróg	***Bróga***	**lag**/tréan
Cathaoir		lag/tréan
Milseán		lag/tréan
Buachaill		lag/tréan
Lámh		lag/tréan
Cóta		lag/tréan
Costas		lag/tréan
Deoch		lag/tréan
Teach		lag/tréan
Sasanach		lag/tréan

Ceist 5 **‘***Dúirt siad go ndúnfaidís caolás Hormuz* ***dá gcuirfí*** *na smachtbhannaí i bhfeidhm’*

a) Cén aimsir/modh atá i gceist le ‘**dá *gcuirfí*’**

b) Déan iarracht na briathra thíos a chur san aimsir chéanna.

Dá: Déan

Dá: Inis

Dá: Clúdaigh

Dá: Eisigh

Dá: Ith

c) Déan iarracht abairtí a chumadh ag baint úsáide as na briathra thuas san aimsir/mhodh ceart.

Ceist 6 **Pléigh na ceisteanna seo a leanas i ngrúpaí:**

Ar cheart na smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, dar leat? Cén fáth?

An bhfuil baol ann go mbeadh cogadh nuicléach ann amach anseo?

An bhfuil míchothromaíocht sa domhan maidir le cláir nuicléacha, dar leat?

Treoracha

Ceist 1

Is í Tehran príomhchathair na hIaráine.

Peirsis an teanga oifigiúil sa tír.

Moslamaigh iad fórmhór na ndaoine san Iaráin

Tá sí suite san Áis(sa Mheán-Oirthear).

Is é 'An Pheirs' ainm ársa na hIaráine.

Tá teorainn aicí leis An Tuirc, an Phacastáin, an Iaráic, an Afganastáin, an Airméin, an Asarbaiseáin, agus an Tuircméanastáin

Is é an fáth go bhfuil na smachtbhannaí i bhfeidhm ná mar gheall go bhfuil clár nuicléach acu.

Ceist 2

Finance Ministers	**Airí Airgeadais**
European Union:	**An tAontas Eorpach**
Nuclear Programme:	**Clár Nuicléach**
Sanction/embargoes:	**Smachtbhannaí**
Conflict:	**Coimhlint**
Controversy:	**Conspóid**
Foreign Affairs:	**Gnóthaí Eachtracha**
Implications:	**Impleachtaí**
Strait:	**Caolás**
Produces:	**Táirgíonn**
Huge/Massive:	**Ollmhór**

Ceist 3

1. Dheimhnigh an Tánaiste Éamon Gilmore go mbeadh an tír seo ag tacú leis an gcosc ar thrádáil agus go mbeadh tionchar ag na smachtbhannaí ar phraghas ola anseo.

2. 2.6 milliún bairille ola a tháirgíonn an Iaráin chuile lá.

3. Ceannaíonn an tAontas Eorpach fiche faoin gcéad de seo.

4. Tá an tAontas Eorpach ag súil mar sin go dtabharfaidh na smachtbhannaí seo spreagadh don Iaráin filleadh ar chainteanna maidir lena gclár nuicléach atá ina ábhar conspóide is coimhlinte le fada an lá.

5. Tiocfadh ardú ar phraghas na hola.

6. Dúirt siad go ndúnfaidís Caolás Hormuz dá gcuirfí na smachtbhannaí i bhfeidhm.

7 **i)**Bealach ríthábhachtach atá ann ó thaobh trádála agus iompair ola de. **ii)**Téann 20% de sholáthar ola an domhain tríd an gcaolás

iii)Tá longa cogaidh de chuid na Stát Aontaithe agus de chuid na Fraince ann.

8. Mhol Príomh-aire Iosrael Benjamin Netanyahu cinneadh an Aontais Eorpaigh inniu, ach dúirt an Rúis gur cúis ollmhór imní é.

Ceist 4 a) Is tréaniolra atá san fhocal 'Smachtbhannaí' mar ní chuirtear 'a' leis ná ní chaolaítear é le iolra a dhéanamh.

b) Úsáidtear foirm an ainmnigh uatha den ainmfhocal sa ghinideach iolra más lagiolra atá i gceist.

i. Leithris na bhfear, ceol na n-amhrán, Glór na nGael

c)

Ainmneaach Uatha	**Ainmneach Iolra**	**lagiolra/tréaniolra**
Bróg	Bróg**a**	**lag**/tréan
Cathaoir	Cathaoir**eacha**	lag/**tréan**
Milseán	Milseá**i**n	**lag**/tréan
Buachaill	Buachaill**í**	lag/**tréan**
Lámh	Lámh**a**	**lag**/tréan
Cóta	Cóta**í**	lag/**tréan**
Costas	Costa**i**s	**lag**/tréan
Deoch	Deoch**anna**	lag/**tréan**
Teach	Tith**e**	lag/**tréan**
Sasanach	Sasana**i**gh	**lag**/tréan

Ceist 5 a) Dá gcuirfí: Modh coinníollach, briathar saor

b) Déan: Dá ndéanfaí

Inis: Dá n-inseofaí

Clúdaigh: Dá gclúdófaí

Eisigh: Dá n-eiseofaí

Ith: Dá n-íosfaí

c) Dá ndéanfaí an obair gach lá bheimis saibhir.

Dá n-inseofaí dó in am é, dhéanfadh sé an obair.

Ní bheadh sé fliuch dá gclúdófaí san oíche é.

Bheadh gach duine ar an eolas dá n-eiseofaí an iris

Dá n-íosfaí tuilleadh feola, bheadh na feirmeoirí níos fear as.

Ceist 6 Is féidir na ceisteanna seo a phlé ina ngrúpaí beaga má tá am.

Áine Lally

Tá Airí Airgeadais an Aontais Eorpaigh chun lánchosc a chur ar ola a thabhairt as an Iaráin mar gheall ar chlár núicléach na tíre sin. Dheimhnigh an Tánaiste Éamon Gilmore go mbeadh an tír seo ag tacú leis an gcosc ar thrádáil agus go mbeadh tionchar ag na smachtbhannaí ar phraghas ola anseo.

Caoimhe Ní Laighin

Ceannaíonn an tAontas Eorpach fiche faoin gcéad de na 2.6 milliún bairille ola a tháirgíonn an Iaráin 'chuile[1] lá. Tá an tAontas Eorpach ag súil mar sin, go dtabharfaidh na smachtbhannaí seo spreagadh don Iaráin filleadh ar chainteanna[2] maidir lena gclár nuicléach atá ina ábhar conspóide is coimhlinte le fada an lá. Dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha Éamon Gilmore inniu go mbeadh Éire ag tacú leis an gcosc ar thrádail.

Ach bheadh impleachtaí móra ag na smachtbhannaí seo, ní hamháin sa bhaile,[3] áit a dtiocfadh ardú ar phraghas ola ar ndóigh, ach ar leibhéal idirnáisiúnta chomh maith. Dúirt an Iaráin inniu cheana féin nach mbeidís sásta glacadh go réidh leis na smachtbhannaí seo. Dúirt siad go ndúnfaidís[4] Caolás Hormuz dá gcuirfí na smachtbhannaí i bhfeidhm agus bheadh na Stáit Aontaithe agus an Iaráin in adharca a chéile dá dtarlódh sé sin, mar bealach ríthábhachtach atá ann ó thaobh trádála agus iompair ola de[5].

Téann 20% de sholáthar ola an domhain tríd an gcaolás. Chomh maith leis sin tá longa cogaidh de chuid na Stát Aontaithe agus de chuid na Fraince ann. Mhol Príomh-aire Iosrael Benjamin Netanyahu cinneadh an Aontais Eorpaigh inniu ach dúirt an Rúis gur cúis ollmhór imní é.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

---

[1] 'Chuile-gach uile
[2] 'ar chainteannaí' a deirtear sa mhí
[3] Sa mbaile a deirtear go canúnach
[4] Go ndruidfidís a deirtear sa sliocht
[5] dhe a deirtear sa sliocht